Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 16

# An Oifig Luachála

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo den méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar speansais na hOifige Luachála lena n-áirítear mionseirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €2.311 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Imlitir 24 de 2018, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach

***Freagracht as an gcóras rialála airgeadais inmheánaigh***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, i m'Oifigeach Cuntasaíochta dom, a chinntiú go bhfuil córas rialála inmheánach den éifeacht ar bun agus á fheidhmiú ag an Oifig Luachála maidir le cúrsaí airgeadais. Is i gcomhthéacs na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dom agus a leagtar de chúraimí eile orm i mo Cheann Oifige dom a chomhlíontar an fhreagracht sin. Anuas air sin, is deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán is féidir a chur ar fáil le haon chóras rialála inmheánach maidir le cúrsaí airgeadais go ndéantar sócmhainní á gcaomhnú, go ndéantar idirbhearta á n-údarú agus tuairisc mar is ceart á choimeád orthu agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtacht a sheachaint nó a thabhairt chun suntais go luath-thráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras rialála inmheánach maidir le cúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuirtear feidhmeanna acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). D'aistrigh an fheidhm parólla chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i Mheitheamh 2017. Is é Príomhfheidhmeach Vóta na Seirbhísí Comhroinnte an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 agus is é atá freagrach maidir leis na rialuithe a fheidhmiú laistigh de na hionaid seirbhísí roinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seiribhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Príomhfheidhmeannach an Vóta Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialála airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil córas rialála lena ngabhann na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais curtha i leith dhaoine ar leibhéal na bainistíochta agus córas cuntasachta dá réir sin i bhfeidhm.
- Tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ag a bhfuil freagracht maidir le bainistíocht airgeadais curtha i leith dhaoine.
- Tá gnáis fhoirmeálta curtha ar bun i ndáil le tuairiscíocht ar chásanna suntasacha ina dtarlaíonn teip rialála ionas go gcinntítear beart coigeartaithe cuí.
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras inmheánach don rialáil airgeadais.
- Tá doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Gnáis rialála maidir le cúrsaí riaracháin agus tuairiscíocht bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creatchóras ar bun maidir le gnáis riaracháin agus tuairiscí rialta bainistíochta lena ngabhann deighilt dualgais agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ar siúl lena mbaineann buiséad bliantúla a choinníonn an lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach bearta athbhreithnithe go rialta ar thuairiscí airgid tráthrialta agus ar thuairiscí bliantúla ónar léir an fheidhmíocht i gcúrsaí airgid i gcomórtas lena raibh á thuar
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm san Oifig Luachála
- go bhfuil córais ar bun d'fhonn slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí leagtha síos maidir le rialáil ar infheistíocht caipitil agus disciplíní foirmeálta maidir le bainistíocht tionscadail
- cinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach teoirlíne iomchuí a chinntiú.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil iniúchadh inmheánach mar fheidhm de chuid na hOifige Luachála lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Tagann an obair faoi scáth na hanailíse ar an mbagairt a bheadh ann ó thaobh cúrsaí airgeadais don Oifig Luachála agus bunaítear an plean bliantúil don iniúchadh inmheánach, arna aontú agamsa, ar an anailís chéanna sin. Féachtar, trí na pleananna sin, le béim a leagan ar na bearta rialála príomhthábhachta arís agus arís eile i ndiaidh a chéile i rith tréimhse réasúnta ama. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go tráthrialta ar an iniúchadh inmheánach. Tá gnáis oibre curtha ar bun agam trína gcinntítear go ndéantar beart de réir na dtuairiscí a eascraíonn ón iniúchadh inmheánach.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig Luachála a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig Luachála agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht, nuair is ábhartha agus in am trátha. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialála airgeadais inmheánaigh***

Níor aithníodh aon laigí i rialú airgeadais inmheánaigh sna ráitis airgeadais maidir le 2018 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**John O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

28 Márta 2019

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 16 An Oifig Luachála

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Oifig Luachála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2019

# Vóta 16 An Oifig Luachála

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Seirbhís luachála Stáit a sholáthar | 10,488 | 9,248 | 9,107 |
| B | Seirbhísí riaracháin don Bhinse Luachála | 1,099 | 669 | 581 |
| | **Ollchaiteachas** | **11,587** | **9,917** | **9,688** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,147** | **1,788** | **1,307** |
| | **Glanchaiteachas** | **10,440** | **8,129** | **8,381** |

**Barrachas**

Tá barrachas an méid a soláthraíodh os cionn an ghlanmhéid a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,310,642** | **1,857,762** |

**John O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

28 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2018

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Costas chláir | | | 558 | 1,277 |
| Pá | | | 7,289 | 6,725 |
| Neamhphá | | | 2,070 | 1,686 |
| **Ollchaiteachas** | | | **9,917** | **9,688** |
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **1,788** | **1,307** |
| **Glanchaiteachas** | | | **8,129** | **8,381** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | 2.2 | (110) | | |
| Dímheas | 2.2 | 183 | | |
| | | | 73 | 135 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | 12 | | |
| Laghdú ar stoc | | 20 | | |
| | | | 32 | 136 |
| **Caiteachas díreach** | | | **8,234** | **8,652** |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 1.1 | | 5,832 | 4,648 |
| **Costas chláir glan** | | | **14,066** | **13,300** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 16 a tabhaíodh in áit éigin eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 4,008 | 3,818 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,811 | 821 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 13 | 9 |
| | **5,832** | **4,648** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **249** | **322** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 123 | 191 |
| Stoic | 2.4 | 20 | 40 |
| Réamhíocaíochtaí | | 70 | 43 |
| Ioncam fabhraithe | | 89 | 108 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 93 | 10 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.6 | 8 | (38) |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **403** | **354** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fabhraithe | | 182 | 133 |
| Ioncam iarchurtha | | 186 | 215 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 224 | 163 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **592** | **511** |
| **Glandliteanais reatha** | | (189) | (157) |
| **Glansócmhainní** | | **60** | **165** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **60** | **165** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 165 | 436 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 10,440 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,311) | | |
| Vóta glan | | 8,129 | 8,129 | 8,381 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit éigin eile | 1.1 | | 5,832 | 4,648 |
| Costas chláir glan | 1 | | (14,066) | (13,300) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **60** | **165** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh Oifige agus TF | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsóchmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 1,729 | 1,129 | 2,858 |
| Breiseanna | 91 | 19 | 110 |
| Diúscairtí | (133) | (18) | (151) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 1,687 | 1,130 | 2,817 |
| **Dímheas fabhraithe** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 1,468 | 1,068 | 2,536 |
| Dímheas don bhliain | 169 | 14 | 183 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (133) | (18) | (151) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018 | 1,504 | 1,064 | 2,568 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **183** | **66** | **249** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 261 | 61 | 322 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG | 9 | 12 |
| Iarmhéideanna cuntas bainc eile | 114 | 179 |
| | **123** | **191** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Scéim pas taistil a fhéadfar a fhorchúiteamh | 88 | 8 |
| Iarmhéideanna dochair eile - míreanna fionraí | 5 | 2 |
| | **93** | **10** |

### 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 128 | 101 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 67 | 54 |
| Cáin Bhreisluacha | 2 | 1 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 7 | 4 |
| | 204 | 160 |
| Dliteanais ilghnéitheacha | 20 | 3 |
| | **224** | **163** |

### 2.6 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 2,311 | 1,858 |
| Deontas Státchiste gan tarraingt | (2,319) | (1,820) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **(8)** | **38** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 123 | 191 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 93 | 10 |
| | 216 | 201 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Dlite don Stát | (204) | (160) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (20) | (3) |
| | (224) | (163) |
| | **(8)** | **38** |

### 2.7 Tiomantais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na dtiomantas atá infheidhmithe le dlí | **494** | **696** |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | 8,505 | 7,289 | 6,725 |
| Ii | Taisteal agus cothabháil | 271 | 259 | 222 |
| Iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 885 | 883 | 515 |
| Iv | Postas agus seirbhísí teileachumarsáide | 105 | 136 | 131 |
| V | Trealamh oifige agus seirbhísí TF | 527 | 630 | 639 |
| Vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 161 | 112 | 97 |
| Vii | Seirbhísí comhairleoireachta; luach ar airgead agus athbhreithnithe ar bheartais | 60 | 50 | 82 |
| | | **10,514** | **9,359** | **8,411** |

**Athruithe suntasacha**

Tá caiteachas riaracháin leithroinnte thar na gclár, chun na costais iomlána a bhaineann leis na cláir a léiriú. Déantar cur síos anseo thíos ar na cúiseanna a bhfuil athruithe suntasacha sa chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

*I* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin €8.505 milliún, toradh €7.289 milliún

Ba mar thoradh ar an ráta daoine ag dul ar scor a bheith níos airde ná a bhí measta agus mar gheall ar níos lú daoine ag cur isteach ar phoist ghairmiúla a bhí fógraithe a raibh gannchaitheamh €1.216 milliún sa chaiteachas i ndáil le tuarastail, pá agus liúntais.

## Clár A Seirbhís luachála Stáit a sholáthar

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastа** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 8,116 | 7,108 | 6,482 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,299 | 1,582 | 1,348 |
| A.3 | Táillí abhcóidí agus costais dlí eile | 73 | 5 | 1 |
| A.4 | Tionscadail náisiúnta athluachála | 1,000 | 553 | 1,276 |
| | | **10,488** | **9,248** | **9,107** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €1.24 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €725,000 de le caiteachas riaracháin a bhfuil míniú tugtha air cheana féin.

*A4* *Tionscadail náisiúnta athluachála*

Soláthar mheastacháin €1 milliún, toradh €553,000

Ar an iomlán, léiríodh toradh a bhí €447,000 níos lú ná mar a bhí soláthraithe ar dtús in A4. Bhain caiteachas 2018 leis na híocaíochtaí deiridh a rinneadh maidir le tionscadal seachfhoinsithe agus bhí na híocaíochtaí sin níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr laghdú pro-rata sa chostas iomlán. Bhí sin mar thoradh ar líon cásanna níos lú ná mar a bhí measta lena luacháil laistigh den tionscadal.

## Clár B Seirbhísí riaracháin don Bhinse Luachála

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B. 1 | Riarachán - pá | 389 | 181 | 243 |
| B. 2 | Riarachán – neamhphá | 710 | 488 | 338 |
| | | **1,099** | **669** | **581** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is trí, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €430,000 níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús.

*B.1* *Riarachán - pá*

Soláthar mheastacháin €389,000, toradh €181,000

Léirítear toradh atá €208,000 níos lú ná mar a bhí soláthraithe ar dtús sa chaiteachas a bhaineann le riarachán - pá. Bhain an gannchaitheamh le hacmhainní foirne níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis á leithroinnt ar an gclár seo de bharr laghdú chomhfhreagrach a bheith ar an líon cásanna Achomhairc a rabhthas ag súil len iad a phróiseáil le linn na bliana.

*B2* *Riarachán – neamhphá*

Soláthar mheastacháin €710,000, toradh €488,000

Léirítear toradh atá €222,000 níos lú ná mar a bhí soláthraithe ar dtús sa chaiteachas a bhaineann le riarachán – neamhphá. Bhain an laghdú go díreach le líon níos lú cásanna achomhairc a bheith á bpróiseáil.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Táillí achomhairc an Bhinse Luachála | 60 | 53 | 296 |
| 2. | Deimhnithe luachála | 120 | 107 | 91 |
| 3. | Táillí athbhreithnithe luachála | 600 | 1,286 | 613 |
| 4. | Táillí ar achomhairc don Choimisinéir | — | — | — |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | 65 | 44 | 31 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 302 | 298 | 276 |
| | **Iomlán** | **1,147** | **1,788** | **1,307** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí leithreasaí-i-gcabhair €641,000 níos mó ná an meastachán.

3 *Táillí athbhreithnithe luachála*

Soláthar mheastacháin €600,000, toradh €1.286 milliún

Bhí na fáltais athbhreithnithe luachála €686,000 níos mó ná mar a bhí soláthraithe ar dtús. De bharr gur earcaíodh breis foirne le linn 2017 agus 2018, leagadh béim mhór ar na cásanna athbhreithnithe a bhí ar lámh a phróiseáil. De bharr go bhfuil athbhreithnithe faoi réir táille, ghin an ghníomhaíocht faltáis a bhí i bhfad níos mó ná an t-ioncam a bhíothas ag súil leis.

## Nóta 5 Soláthar foirne agus luach saothair

### 5.1 An líon fostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **130** | **124** |

### 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 6,649 | 6,173 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise | 103 | 78 |
| Liúntais eile | 9 | 14 |
| Ragobair | 10 | 12 |
| ÁSPC an Fhostóra | 518 | 448 |
| **Pá iomlán** | **7,289** | **6,725** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó 2018 | Íocaíocht aonair is mó 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise | 22 | 1 | 11,605 | 8,274 |
| Liúntais eile | 3 | — | 4,693 | 4,693 |
| Ragobair | 11 | — | 5,638 | 4,852 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 17 | 2 | 11,605 | 9,545 |

### 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €50,345 ar an iomlán le cúigear státseirbhíseach ar scor, atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís ar bhonn táille. Tá prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 i gceist leis na táillí sin.

# Nóta 6 Míreanna ilghnéitheacha

## 6.1 Cónascadh

Mar chuid de chlár cuíchóirithe na gcomhlachtaí Stáit, glacadh cinneadh Rialtais ar 31 Deireadh Fómhair 2012 an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chónascadh. Tailte Éireann a bheidh ar an eagraíocht nua a thiocfaidh as an gcónascadh sin. Tá gá le reachtaíocht phríomha chun an eintitis nua a bhunú. Tá an Bille um Thailte Éireann d'fhonn foráil a dhéanamh don chónascadh á thabhairt chun críche.

Aistríodh freagracht maidir leis an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus An tÚdarás Clárúcháin Maoine chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 1 Eanair 2018, comh maith le freagracht maidir le Tailte Éireann a bhunú.

Tá Príomhfheidhmeannach Ainmnithe Thailte Éireann, a ceapadh ar 1 Iúil 2013, ag obair ar phlean mionsonraithe chun an t-eintiteas nua a bhunú. Leanfaidh seisean de bheith ag obair le Cláraitheoir na nGníomhas agus na dTeideal, leis an bPríomhoifigeach Suirbhéireachta agus le comhaltaí eile de Bhord na gClár maidir leis an mbonneagar atá de dhíth don eagraíocht nua a phleanáil agus a leagan amach. Tá RTPRA ag cur treorach agus tacaíochta ar fáil do Bhord na gClár maidir leis an reachtaíocht atá de dhíth agus maidir le saincheisteanna eile a bhaineann leis an gcónascadh.

Leanfaidh an Oifig Luachála ag cur gach tacaíocht ar fáil chun go mbeifear ábalta Tailte Éireann a bhunú.

Nuair a bhunófar é, beidh Tailte Éireann freagrach as córas údarásach clárúcháin maoine, bonneagar náisiúnta mapála agus suirbhéireachta agus seirbhís luachála maoine a chur ar fáil don Stát. Mar sin, beidh an eagraíocht ina príomhfhoinse náisiúnta eolais maidir le maoin agus sonraí geospásúla agus féachfaidh sí le bheith ina eiseamláir chun seirbhísí eolais talún a fhorbairt agus a chur ar fáil.